Mar a dhéantar clár raidió

Oibríonn RTÉ ceithre stáisiún raidió ar leithligh atá an-éagsúil ó chéile: RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Réamhrá

Oibríonn RTÉ ceithre stáisiún raidió ar leithligh atá an-éagsúil ó chéile: RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Bíonn ar gach aon stáisiún sceideal iomlán clár a líonadh, sa bhreis ar chláir speisialta agus cláir fhaisnéise aonair a dhéanamh, is iad príomhaschur na stáisiún sin go léir ná míreanna rialta nach mór a léiriú chuig na hardchaighdeáin chéanna gach uile lá. Léiríonn rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ na cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha don raidió, don teilifís agus don idirlíon. Maidir le cláir nach mbaineann le nuacht, ní mór an smaoineamh a chur os comhair Cheannasaí an Chainéil nó Eagarthóir mar smaoineamh maith a chuirfidh siamsaíocht ar fáil, a chuirfidh éisteoirí ar an eolas agus a spreagfaidh éisteoirí. Nuair a bheidh an cead faighte, leithdháilfear buiséad, sannfar an fhoireann agus is é an léiritheoir a bheidh freagrach ansin as an gclár iomlán a chur le chéile agus a dhéanfaidh na cinntí ar an ábhar ginearálta, ar an stíl agus ar an leagan amach agus gheobhaidh sé/sí cúnamh ó fhoireann léirithe sciliúil.

An Fhoireann Léirithe

Léiritheoirí i gceannas, léiritheoirí, láithreoirí, taighdeoirí, oibreoirí fuaime, cúntóirí craolacháin, comhordaitheoirí léiriúcháin – tá go leor róil éagsúla i gceist chun clár raidió a dhéanamh agus tá scileanna agus cumais éagsúla ag teastáil le go ndéanfar an jab. Bíonn na daoine sin go léir ag idirchaidreamh le chéile agus déanann gach aon duine acu rud éigin le go n-éireoidh leis an gcraoladh ar an raidió.

Léiritheoir

Tá an léiritheoir freagrach as an gclár ina iomlán: ó smaointe a chruthú go dtí eagarthóireacht, ó chaighdeán foriomlán an chraolta go dtí obair chomhordaithe na foirne go léir: oibreoirí fuaime, an láithreoir (na láithreoirí), cúntóirí craolacháin agus lucht taighde. Is é/í a dhéanann foireann an chláir a mhaoirsiú agus is é/í an té is mó a bhíonn rannpháirteach in eagarthóireacht, ó thaobh cúrsaí teicniúla agus i dtaobh cinntí a dhéanamh maidir le cad ba chóir a chur san áireamh agus cad ba chóir a fhágáil ar lár. Is é/í an léiritheoir de ghnáth a mhaoirsíonn an próiseas iomlán ó theacht ar smaoineamh do chlár go dtí an craoladh féin; más rud é go mbeidh sé ag dul amach beo, beidh an léiritheoir i láthair ar feadh an achair chun a chinntiú go rachaidh nithe ar aghaidh mar is cuí.

An Láithreoir

Duine le pearsantacht ar leith a n-éiríonn leo clár raidió den scoth a chur i láthair. Gan na huirlisí amhairc breise a chuireann an teilifís i láthair, ní mór don láithreoir raidió oibriú go dian chun aird an lucht éisteachta a choimeád. Sula gcraolfar an clár, ní mór don láithreoir oibriú go dlúth leis an léiritheoir agus déanfaidh siad cinneadh le chéile conas a rachaidh an clár ar aghaidh, uaireanta ullmhófar script roimh ré a fhéadfar a úsáid (mar shampa i seó grinn), uaireanta ní bheidh script ullamh (cineálacha áirithe cláir ceoil agus ar ndóigh séonna cainte agus seónna ina nglaonn daoine isteach, d'fhéadfadh nach mbeadh i gceist leo sin ach liosta ábhair nó cúrsaí le plé agus go leanfaí as sin) mar aon le hábhar an chláir. Ar ndóigh, bítear ag súil go mbeidh eolas agus tuiscint mhaith ag an láithreoir ar an ábhar a bheidh le plé agus bíonn sé nó sí rannpháirteach de ghnáth i dtaighde an tseó.

Taighdeoir

Éilíonn gach clár obair thaighde agus obair ullmhúcháin. Bíonn go leor cineálacha taighde i gceist agus is féidir le duine amháin nó foireann daoine dul ina bhonn sin trí acmhainní éagsúla a úsáid. D'fhéadfadh go gcaithfí roinnt glaonna teileafóin a dhéanamh agus/nó an t-idirlíon a úsáid chun píosa amháin eolais atá riachtanach a aimsiú, nó d'fhéadfadh go gcaithfí dul tríd an leabharlann tagartha nó trí na cartlanna fuaime chun téip áirithe nó gearrthóg nuachtáin a fháil a bheidh riachtanach d'ábhar an chláir. Jab tábhachtach eile go minic ná eolas cúlra cothrom le dáta a fháil maidir le haíonna nó daoine cáiliúla a bheidh i láthair ar chlár ar leith. Ní mór coimre cláir a scríobh ar aon topaic a ndéantar taighde ina leith ionas go mbeidh an méid eolais agus is féidir ag an láithreoir ar an ábhar a bheifear a phlé. Is féidir lucht taighde a fhostú chun dul ag obair ar aon chlár amháin nó ar shraith clár.

Cúntóir Craolacháin

Tugann an cúntóir craolacháin tacaíocht riachtanach don láithreoir agus don léiritheoir i rith an tseó. Áirítear leis an ról sin tascanna agus freagrachtaí difriúla agus éagsúla. Cuireann sé/sí ionchur cruthaitheach ar fáil, freagraíonn sé/sí an teileafón i rith chlár beo, coimeádann sé/sí taifead ar aon ábhar a úsáidtear (ceol a sheinntear etc.) ionas go gcomhlíonfar oibleagáidí cóipchirt, agus riarann sé/sí íocaíocht na dtáillí d'aon aíonna a bhíonn sa stiúideo. Dualgas tábhachtach eile ná tuairiscí cuimsitheacha a dhéanamh agus a chomhadú den chlár, go príomha le haghaidh tagairtí, ionas má bhíonn ceist ag éisteoir, go bhféadfar teacht ar an bhfreagra gan mórán dua. Ní mór déileáil le comhfhreagras freisin (post, teileafón agus ríomhphost) agus saoráidí teicniúla a chur in áirithe nuair a bhíonn sin riachtanach do léiriú an chláir. D'fhéadfadh raon leathan saoráidí a bheith i gceist ó stiúideo amháin do sheó cainte mar shampla, go dtí péire nó níos mó agus an trealamh fuaime a bhaineann leo i gcás cláir cheoil ag a mbeidh bannaí i láthair a bheidh ag seinm beo nó "i seisiún".

Oibreoir Fuaime

I gcás chláir raidió bheo a bhíonn ar siúl i rith an lae, bíonn innealtóir ar dualgas de ghnáth, a chinntíonn go mbeidh an fhuaim a bhítear a tháirgeadh ar chaighdeán sách maith le craoladh agus go mbeidh an t-ábhar réamhthaifeadta riachtanach ar fad (míreanna, fógraí, blaisíní agus seiceálacha ainmneacha an láithreora) ullamh sula dtosaíonn an clár agus go gcuirfear sin ar siúl mar is cuí le ham cruinn. Seiceálfaidh an t-innealtóir an trealamh fuaime go léir a bheidh le húsáid freisin lena chinntiú go bhfuil sé ag obair i gceart – áirítear leis sin gach líne teileafóin agus nasc seachtrach chuig stiúideonna a úsáidfear i rith an chláir. Is iad na léiritheoirí féin a thaifeadann agus a chuireann gnéchláir, mar chláir fhaisnéise, le chéile de ghnáth cé go bhféadfadh siad cúnamh a fháil ó oibreoir má bhíonn an clár casta go maith. Maidir le cláir cheoil, go háirithe nuair a bhíonn ealaíontóirí ag seinm sa stiúideo, d'fhéadfadh beirt innealtóir a bheith ar dualgas.

Ag brath ar an gcineál cláir a dhéantar, déanfaidh meascán éagsúil den fhoireann léirithe agus den fhoireann teicniúil obair ar na cláir raidió. Bíonn foirne an-mhór ar fhormhór na gclár i rith an lae, cé go bhféadfadh gurb é an duine céanna a dhéanadh an taighde, a léireodh agus a láithreodh clár faisnéise.

Stóráiltear cóipeanna de gach clár de chuid Raidió RTÉ i Leabharlanna agus Cartlanna RTÉ.

Mar a dhéantar clár raidió

Márta 2007 | www.rte.ie